


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Oifig na Clárlainne & Gnóthaí Acadúla |
| **Scoil \| Aonad:** | Leabharlann UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** | **Cúntóir Leabharlainne UCD** |
| **Tréimhse an Phoist:** | Lánaimseartha - Conarthaí Buana agus Téarma Seasta de thréimhsí éagsúla + Painéal 6 mhí |
| **Grád:** | Cúntóir Leabharlainne |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Léibhéal Garime Leabharlainne 1 (LIB-1-A) |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | N/bh |
| **Bainisteoir Líne** | Cúntóir Sinsearach Leabharlainne nó Ceann Aonaid de réir mar is cuí |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | **019951** |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Martyna Wojcik |

### Achoimre ar an bPost:

Is é misean Leabharlann UCD a bheith mar cheannaire maidir le cur le heispéireas na mac léinn, rannpháirtíocht dhomhanda a chumasú, agus feidhmiú mar lárionad intleachtúil do phobal UCD.

Tá 5 leabharlann mar chuid de Leabharlann UCD, chomh maith le Cartlanna UCD agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD. Cuireann Leabharlann UCD seirbhísí leabharlainne agus faisnéise ar fáil d'fhoireann agus do mhic léinn UCD. Tá an-chuid cnuasach a bhfuil fíorthábhacht náisiúnta leo le fáil i gCartlanna UCD agus i gCnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD ionas gur féidir le pobal UCD agus taighdeoirí seachtracha iad a úsáid.

Tá príomhróil ag Cúntóirí Leabharlainne maidir le seirbhísí a sholáthar, tacaíocht riaracháin agus oibríochta a thabhairt, agus a bheith ag cabhrú lena chinntiú go gcuireann Leabharlann UCD seirbhísí agus áiseanna den scoth ar fáil do na húsáideoirí uile. Tá dearcadh gairmiúil, díograiseach, solúbtha agus dírithe ar an úsáideoir riachtanach.

Tá trí Stiúrthóireacht i Leabharlann UCD - Oibríochtaí, Oidhreacht Chultúrtha agus Cnuasaigh & Seirbhísí Digiteacha. Áirítear leis na poist laistigh de na ranna seo meascán de fhreagrachtaí oifige agus freagrachtaí fáilteachais. Ceapfar iad siúd a n-éiríonn leo sa chomórtas seo i bpoist laistigh de na Cnuasaigh & Seirbhísí Digiteacha nó de na Stiúrthóireachtaí Oibríochtaí.

**<u>Bainteach go sonrach leis an bpost seo / NÓTA TÁBHACHTACH d'Iarrthóirí:</u>**

Cruthófar painéal sealadach trína líonfar poist **'Cúntóirí Leabharlainne' Buana nó Sealadacha (lánaimseartha) eile**; agus má thagann sé chun cinn laistigh de **SHÉ mhí** de chomórtas tosaigh ceapfar ar a laghad 1 phost Buan (lánaimseartha) atá folamh faoi láthair ar fud na Leabharlainne. *[NB: D'fhéadfadh fad na bpost sealadach a thairgtear i ndiaidh Painéal a bheith bunaithe a bheith éagsúil].*

**Uaireanta Oibre**

Le linn na bliana Acadúla, beidh sé riachtanach d'fhoireann lánaimseartha CL arna gceapadh don phost/phainéal sin a bheith ag obair lá amháin sa tseachtain ó thart ar 1400-2200 - agus laethanta eile: 0900-1730.

- Beidh sé riachtanach d'iarrthóirí rathúla a bheith ag obair suas go 6 Shatharn in aghaidh na bliana ó 0900-1300.